



2026/1200

8.6.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1200 ÓN gCOIMISIÚN
an 5 Meitheamh 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le cur chun feidhme na dleachta custaim sealadaí EUR 3 ar chiandíolacháin earraí allmhairithe i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 100(1), pointe (b), agus Airteagal 161 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Déantar foráil in Airteagail 155 agus 157 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir leis an méid tagartha i ráthaíochtaí cuimsitheacha a chinneadh agus faireachán a dhéanamh air.
- (2) Ós rud é gur cuireadh deireadh leis an bhfaoiseamh ó dhleacht chustaim agus gur tugadh isteach an dleacht chustaim sealadach EUR 3 le Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle ⁽³⁾, is gá roinnt Airteagal de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le húsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha i ndáil le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a sholáthraítear i gciandíolacháin earraí faoi chuimsiú na scéime speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ⁽⁴⁾, ar earraí iad atá le allmhairiú ó thríú tíortha nó ó thríú críocha isteach i gcríoch chustaim an Aontais ag duine atá údaraithe chun an scéim speisialta sin a úsáid agus earraí i gcoinsíneachtaí poist mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (24), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾. Ós rud é gur scríosadh Teideal II, Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle ⁽⁶⁾ le Rialachán (AE) 2026/382, tá earraí i gcoinsíneacht nach mó a luach intreach ná EUR 150 faoi réir dleachtanna custaim anois.
- (3) Ní bheidh tionchar ag an athrú ar Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ar na scéimeanna CBL ná ar na rialacha a bhaineann le ciandíolacháin. Dá bhrí sin, chun a áirithiú go n-ailíneofar na rialacha nua le bailiú CBL i gciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú tíortha agus ó thríú críocha, i gcás nach n-úsáidtear an scéim speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE, is gá a áirithiú go bhfuil an oifig custaim inniúil chun dearbhú custaim a thaisceadh chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht suite sa Bhallstát cinn scríbe. Dá bhrí sin, ba cheart an riail in Airteagal 221(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú.
- (4) Ós rud é go modhnófar an sainmhíniú ar 'earraí i gcoinsíneacht phoist' le leasú comhthráthach ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, tá gá le roinnt leasuithe comhfhreagracha ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 i réimsí an idirthurais poist agus na muirear poist.

⁽¹⁾ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle an 11 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur (IO L, 2026/382, 18.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/382/oj>).

⁽⁴⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj>).

⁽⁵⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1186/oj>).

- (5) Tabharfar isteach sainmhíniú nua ar 'ítim' in Airteagal 1, pointe (61), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag an dleacht chustaim maidir le gach ceann de na hítimí nuair a dhearbhaítear earraí mar ítímí ar leithligh. Chun tuairisc níos fearr a thabhairt ar chur i bhfeidhm na ndleachtanna custaim ar an ítím, is gá freisin an fhéidearthacht maidir le grúpáil ítímí a leagtar síos in Airteagail 222 agus 228 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a theorannú do chásanna ina bhfuil siad faoi réir iarratas ar shimpliú i gcomhréir le hAirteagal 177 de Chód Custaim an Aontais.
- (6) Chinn an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach, ina réamhrialú i gCás C-7/08, *Har Vaessen Douane Service BV v Staatssecretaris van Financiën* ⁽⁷⁾, go bhfuil gach coinsíneacht le breithniú ar leithligh i gcoinsíneachtaí grúpáilte earraí. Dá réir sin, ba cheart a shoiléiriú, i gcás ina bhfíoraíonn na húdaráis chustaim na sonraí a sholáthraítear sa dearbhú custaim, mar shampla trí bhithin rialú fisiceach agus go mbailíonn siad tásca go gcomhfhreagraíonn an choinsíneacht ghrúpáilte do chiandíolacháin aonair, gur cheart dóibh caitheamh leo amhlaidh agus, más ábhartha, an dleacht chustaim dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2026/382 a chur i bhfeidhm. Ba cheart é sin a bheith i bhfeidhm freisin i gcás ina ndéantar coinsíneachtaí grúpáilte a chomhfhreagraíonn do dhíolacháin aonair a allmhairiú i mbulc isteach san Aontas agus a stóráil i stórais chustaim sula scaoiltear iad ina dhiaidh sin. An cás ina ndíoltar earraí le tomhaltóirí an Aontais le linn stóráil i stóras custaim, déanfar an cás sin a rialú i nGníomh Tarmligthe ar leithligh.
- (7) In Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, leagtar amach formáidí agus cóid na gceanglas coiteann sonraí chun faisnéis a mhálartú agus a stóráil, ar faisnéis í is gá le haghaidh dearbhuithe, fógraí agus cruthúnas maidir le stádas custaim earraí de chuid an Aontais. Chun ailíniú le deireadh an fhaoisimh ó dhleacht chustaim faoi Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009, ba cheart an Iarscríbhinn sin a leasú chun na tagairtí comhfhreagracha don fhaoiseamh ó dhleacht sin a bhaint. In eilimint sonraí 11 10 000 000 'Nós imeachta breise', ba cheart cód nua F53 a chur leis an tábla 'Eile' chun earraí ar luach íseal nár dearbhaíodh faoin scéim um Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin nó faoi na socrúithe speisialta a ainmniú, agus ba cheart cód C07 a scriosadh toisc go dtagraíonn sé d'fhaoiseamh ó dhleacht ar allmhairí a baineadh le Rialachán (AE) 2026/382. Ba cheart cód fabhair taraife nua in eilimint sonraí 14 11 000 000 'Fabhar' a chur isteach chun an dleacht EUR 3 i ndearbhú H1 a ríomh.
- (8) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chun é a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2026/382.
- (9) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Airteagal 139:

'Muirir a thobhítear ar earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist';

- (2) in Airteagal 155(3), an chéad fhomhír, cuirtear pointe (c) seo a leanas isteach:

'(c) maidir leis an gcuid atá le dleacht ar allmhairí agus muirir eile a chumhdach a thabhfófar i ndáil le hearraí a scaoiltear faoi dhearbhu custaim chun earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcoinsíneacht nach mó a luach intreach ná EUR 150, a dhíoltar i gciandíolacháin earraí allmhairithe mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE, comhfhreagróidh an méid tagartha do mheastachán ar an dleacht ar allmhairí agus do mheastachán ar na muirir eile a mheastar a thabhfófar.';

- (3) in Airteagal 157, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. An faireachán ar an gcuid den mhéid tagartha lena gcumhdaítear an méid dleachta ar allmhairí nó ar onnmhairí, agus ar mhuirir eile atá dlite i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí, a bheidh iníoctha maidir

⁽⁷⁾ Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 2 Iúil 2009, *Har Vaessen Douane Service BV v Staatssecretaris van Financiën*, Cás C-7/08, ECLI:EU:C:2009:417.

le hearraí a chuirtear faoi scaoileadh i saorchúrsaíocht, áiríteofar é le haghaidh gach dearbhaithe custaim tráth a chuirfear earraí faoin nós imeachta, ach amháin i gcás earraí a scaoiltear i saorchúrsaíocht faoi dhearbhu custaim maidir le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcoinsíneacht nach mó a luach intreach ná EUR 150, a dhíoltar i gciandíolacháin earraí allmhairithe mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE, a bhféadfaidh údarais chustaim na forálacha a leagtar síos faoi mhír 3 a chur i bhfeidhm ar bhealach eile ina leith. I gcás ina dtaiscítear dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir le húdarú dá dtagraítear in Airteagal 166(2) nó Airteagal 182 den Chód, áiríteofar go ndéanfar faireachán ar an gcuid ábhartha den mhéid tagartha ar bhonn na ndearbhuithe forlíontacha nó, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn na sonraí a chuirtear isteach sna taifid.;

- (4) scriostar Airteagal 220;
- (5) in Airteagal 221, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. An oifig custaim inniúil maidir le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht ar earraí iad a dhíoltar i gciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú tíortha agus tríú críocha isteach san Aontas, ag a bhfuil luach intreach nach mó ná EUR 150 is éard a bheidh inti oifig custaim atá suite sa Bhallstát ina dtagann deireadh le seoladh nó le hiompar na n-earraí sin, mura mbaintear úsáid as an scéim speisialta le haghaidh ciandíol earraí a allmhairítear ó thríú críocha agus tríú tíortha dá dtagraítear i dTeideal XII, Caibidil 6, Roinn 4, de Threoir 2006/112/CE.;

- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 222:

‘Airteagal 222

Ítimí earraí

(Airteagail 162 agus 177 den Chód)

1. I gcás ina gcumhdaítear dhá ítim earraí nó níos mó le dearbhú custaim, measfar gur dearbhú custaim ar leithligh iad na sonraí a luaitear sa dearbhú sin maidir le gach ítim.
2. Cé is moite de chás ina bhfuil earraí sonracha atá i gcoinsíneacht faoi réir bearta éagsúla, measfar gur ítim aonair iad earraí atá i gcoinsíneacht chun críocha mhír 1 den Airteagal seo i gcás ina bhfuil siad faoi réir iarratas ar shimpliú i gcomhréir le hAirteagal 177 den Chód.;

- (7) in Airteagal 228, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun críocha Airteagal 177 den Chód, i gcás ina dtagann na hearraí i gcoinsíneacht faoi fho-cheannteidil taraife atá faoi réir dleacht shonrach arna sloinneadh trí thagairt don aonad tomhais ceanna, bunófar an dleacht a mhuirearófar ar an gcoinsíneacht iomlán ar an bhfo-cheannteideal taraife atá faoi réir na dleachta sonraí is airde, mura rud é go bhfuil an dleacht is infheidhme de réir Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle (*).

(*) Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle an 11 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur (IO L, 2026/382, 18.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2026/382/oj>).;

- (8) in Airteagal 243, cuirtear isteach mír 5 seo a leanas:

‘5. I gcás ina suífidh na húdarais chustaim, ar bhonn thorthaí an fhíoraithe, go gcumhdaítear leis an dearbhú custaim earraí a díoladh i sraith díolachán comhleánúnach a tugadh i gcrích sular tugadh na hearraí sin isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus go gcáilíonn ceann de na díolacháin sin mar chiandíolachán mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE, ní bhreithneoidh siad ach an ciandíolachán chun na forálacha a chur i bhfeidhm lena rialaítear an nós imeachta custaim faoina gcuirtear na hearraí.;

- (9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 288, 289 agus 290:

‘Airteagal 288

Gluaiseacht earraí nach earraí de chuid an Aontais iad a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh

(Airteagal 226(3)(f) den Chód)

I gcás ina ngluaistear earraí nach earraí de chuid an Aontais iad faoin nós imeachta idirthurais sheachtraigh i gcomhréir le hAirteagal 226(3), pointe (f), den Chód, beidh lipéad ar an gcoinsíneacht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist agus ar aon doiciméad a ghabhann léi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-01 a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 289

Gluaiseacht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist ina bhfuil earraí de chuid an Aontais agus earraí nach earraí de chuid an Aontais iad araon

(Airteagail 226(3)(f) agus 227(2)(f) den Chód)

1. I gcás ina bhfuil earraí de chuid an Aontais agus earraí nach earraí de chuid an Aontais iad araon i gcoinsíneacht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist, beidh lipéad ar an gcoinsíneacht sin agus ar aon doiciméad a ghabhann léi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-01 a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. I gcás na n-earraí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, seolfar cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais nó tagairt do mháistir-uimhir thagartha an mhodha cruthúnais sin ar leithligh chuig oibreoir poist an chinn scríbe nó cuirfear sa choinsíneacht é.

I gcás ina seoltar an cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais ar leithligh chuig oibreoir poist an chinn scríbe, cuirfidh an t-oibreoir poist sin an cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais faoi bhráid na hoifige custaim cinn scríbe in éineacht leis an gcoinsíneacht.

I gcás ina bhfuil cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais nó a mháistir-uimhir thagartha faoi iamh sa choinsíneacht, léireofar é sin go soiléir ar an taobh amuigh den phacáiste.

Airteagal 290

Gluaiseacht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh i gcásanna speisialta

(Airteagal 227(2)(f) den Chód)

1. I gcás ina ngluaistear earraí de chuid an Aontais chuig críocha físcacha speisialta, ó na críocha sin nó eatarthu faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 227(2), pointe (f), den Chód, beidh lipéad ar an gcoinsíneacht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist agus ar aon doiciméad a ghabhann léi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 72-02 a ghabhann leis an Rialachán seo.
2. I gcás ina ngluaistear earraí de chuid an Aontais faoin nós imeachta idirthurais inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 227(2), pointe (f), den Chód ó chríoch chustaim an Aontais chuig tír chomhchoiteann idirthurais lena dtarchur ar aghaidh chuig críoch chustaim an Aontais, beidh cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais arna léiriú le ceann de na modhanna a liostaítear in Airteagal 199 den Rialachán seo ag gabháil leis na hearraí sin.

Cuirfear an cruthúnas ar stádas custaim earraí de chuid an Aontais faoi bhráid oifig custaim tráth a n-athiontrála i gcríoch chustaim an Aontais.;

- (10) in Iarscríbhinn B, Teideal II ('Cóid i ndáil leis na ceanglais choiteanna sonraí le haghaidh dearbhuithe agus fógraí'), leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

- (1) in eilimint sonraí 11 04 000 000 ('Táscaire imthoisce sonraí'), cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna F40, F41, F42, F43, F44, F45:

F40	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair de bhóthar
F41	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Faisnéis ón bpríomhdhoiciméad iompair d'iarnród
F42	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Príomhbhille iompair a air ina bhfuil faisnéis riachtanach ón mbille iompair a air a thaisctear i gcomhréir leis na teorainneacha ama is infheidhme maidir leis an gcóir iompair lena mbaineann
F43	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – An tacar sonraí íosta a thaisctear roimh an luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fomhír, agus i gcomhréir le hAirteagal 113 (2) de Rialachán Tarmlogthe (AE) 2015/2446

F44	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – Uimhir aitheantais an ghabhdáin a thaisctear roimh an luchtú i gcomhréir le hAirteagal 106(1), an dara fomhír, agus i gcomhréir le hAirteagal 113(2) de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2015/2446
F45	Earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist – Tacar sonraí páirteach – An príomhbhille luchtú amháin

- (2) in eilimint sonraí 11 09 000 000 ('Nós imeachta'), sa tábla ('Cóid nós imeachta a úsáidtear i gcomhthéacs dearbhuithe custaim'), cuirtear an méid seo a leanas in ionad rónna H1, H6 agus H7:

H1	Dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht agus an nós imeachta speisialta – Úsáid shonrach – Dearbhú maidir le húsáid deiridh	01, 07, 40, 42, 43, 44, 45, 46, 48, 61, 63, 68
H6	Dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a iompraítear faoi fhreagracht oibreora poist	01, 07, 40
H7	Dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí i gcoinsíneacht nach mó ná EUR 150 a luach intreach	4000'

- (3) in eilimint sonraí 11 10 000 000 ('Nós Imeachta Breise'), sa cheathrú tábla ('Faoiseamh ó dhleachtanna ar allmhairí (Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle)'), scriostar an ró seo a leanas:

'C07	Coinsíneachtaí ar luach diomaibhseach	23'
------	---------------------------------------	-----

- (4) in eilimint sonraí 11 10 000 000 ('Nós Imeachta Breise'), sa seachtú tábla ('Eile'), cuirtear isteach an ró seo a leanas tar éis an ró a bhaineann le cód F52:

'F53	Earraí nach mó a luach intreach ná EUR 150 in aghaidh na coinsíneachta, a dhíoltar i gciandíolacháin earraí allmhairithe mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE, cé is moite d'earraí a bhfuil a n-allmhairiú díolmhaith ó CBL i gcomhréir le hAirteagal 143(1), pointe (ca), de Threoir 2006/112/CE agus earraí a ndearbhaítear CBL ina leith faoi na socruithe speisialta a leagtar síos i dTeideal XII, Caibidil 7, de Threoir 2006/112/CE
------	--

- (5) in eilimint sonraí 14 11 000 000 ('Fabhar'), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta, na foclaíochta tosaigh agus phointe (1):

'14 11 000 000 Fabhar

Áirítear leis an bhfaisnéis sin cóid trí dhigit ina bhfuil comhchuid digite amháin ó (1) agus comhchuid dhá dhigit ó (2).

Tugtar na cóid ábhartha thíos:

- (1) An chéad digit den chód:

Cód	Tuairisc
1	Comhshocrú taraife <i>erga omnes</i>
2	Córas Ginearálaithe um Fhabhair
3	Fabhair taraife seachas na cinn a luaitear faoi chód 2
4	Dleachtanna custaim faoi fhorálacha comhaontuithe aontais custaim a thug an tAontas Eorpach i gcrích
5	Earraí atá faoi réir na dleachta custaim EUR 3 de bhun Rialachán (AE) 2026/382'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN
